C/2026/5287

13.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5287)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Asparago Bianco di Bassano'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-0338-AM01 — 24.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Asparago Bianco di Bassano'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

AN AIREACHT TALMHAÍOCHTA, BHIAFHLAITHIS AGUS FORAOISEACHTA – (PQA) 1

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil athrú ar an ainm i gceist leo, nach bhfuil an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus pointe 4.2 den achoimre. Leasú ar an tábla aicmithe péacán

Tuairisc

Leis an leasú, leagtar amach na sonraí sa tábla ar bhealach níos soiléire agus ceartaítear an botún lenar fágadh péacáin idir 14 mm agus 15 mm ar lár.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Teideal

Airteagal 3 den tsonraíocht táirge. Leasú ar an teideal

Tuairisc

Tugadh teideal an airteagail cothrom le dáta agus tá tagairtí do phacáistíocht san áireamh freisin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 4 den tsonraíocht táirge agus pointe 4.4 den achoimre.

Tuairisc

Tugadh an teideal cothrom le dáta agus athscríobhadh téacs an Airteagail. Scriosadh aon mhír nach mbaineann leis an tsonraíocht táirge, ach a bhaineann leis an bplean rialaithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge. Leasú ar an teideal

Tuairisc

Tugadh teideal Airteagal 5 cothrom le dáta, agus tagairt á déanamh don mhodh táirgthe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 4.5 den achoimre, lena dtugtar an tréimhse thrasphlandaithe cothrom le dáta.

Tuairisc

Tugadh an tréimhse thrasphlandaithe cothrom le dáta, agus cuireadh síneadh léi go dtí mí an Mheithimh i gcás na dtiúbar fréimhe agus go dtí mí Mheán Fómhair i gcás na bplandóg.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 4.5 den achoimre. Botún a cheartú.

Tuairisc

Ceartaíodh an botún lenar fágadh ainm an éicitíopa áitiúil ar lár.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 4.5 den achoimre. Baineadh an anailís éigeantach.

Tuairisc

Baineadh an oibleagáid anailís iomlán ithreach a dhéanamh gach 5 bliana.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 4.5 den achoimre. Athbhreithniú ar na rialacha maidir le leasacháin a leathadh.

Tuairisc

Rinneadh athbhreithniú ar na dáileoga agus ar na tréimhsí ama chun leasacháin orgánacha agus cheimiceacha a leathadh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge. Tagairtí dlíthiúla atá cothrom le dáta

Tuairisc

Tugadh cuid den téacs cothrom le dáta, agus baineadh tagairt rialála atá imithe i léig.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge. Ceartúchán ar an uastréimhse bhuainte.

Tuairisc

Ceartaíodh an uastréimhse bhuana sa dara bliain den phlandú ar bonn tiúbair fréimhe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 6 den tsonraíocht táirge. Leasuithe ar an teideal.

Tuairisc

Tugadh teideal an Airteagail maidir leis an nasc leis an gcomhshaol cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 7 den tsonraíocht táirge. Airteagal a bhaint.

Tuairisc

Baineadh Airteagal 7, i gcomhréir le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 8 Leasú ar uimhriú agus ar theideal.

Tuairisc

Tugadh teideal an Airteagail agus an t-uimhriú cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Asparago Bianco di Bassano’

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-0338-AM01 — 24.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Asparago Bianco di Bassano’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0709 20 - Lus súgach

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Tagraíonn an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) 'Asparago Bianco di Bassano' do phéacáin lusa shúgaigh a tháirgtear sa limistéar táirgeachta críochaithe, a thagann ón éicitíopa áitiúil 'Comune - o Chiaro - di Bassano'.

1. Saintréithe aeistéitiúla

Chun cáiliú don ATFC 'Asparago Bianco di Bassano', ní mór na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na péacáin:

(a) dath bán a bheith orthu. Féadfaidh dath bándearg de bheagán agus dath meirge a bheith ar na brachtanna agus ar an mbun, ar choinníoll nach síneann sé sin go dtí an barr (na chéad 3 cheintiméadar), is féidir leis an tomhaltóir iad a bhaint trí ghnáthscamhadh agus níl siad cothrom le níos mó ná 10 % den táirge sa bheart;

(b) ní mór dóibh a bheith dea-chumtha; díreach; gan bhriseadh; agus barr dlúth orthu; níor cheart na péacáin a bheith cuasach, scoilte, scafa ná briste. Is saintréith cháilíochta de Asparago Bianco di Bassano é an fíoras nach bhfuil siad an-snáithíneach. Ciallaíonn sé sin, ag céim na pacála, go mbíonn claonadh ag na taobhanna scoilteadh, chomh mór sin go gceadaítear scoilteanna beaga, ar choinníoll go dtarlaíonn siad tar éis na buana agus nach ndéanann siad difear do níos mó ná 15 % den táirge sa bheart; féadfaidh na péacáin a bheith beagán cuartha;

(c) ní mór dóibh a bheith bog; ní cheadaítear péacáin a léiríonn comharthaí tosaigh adhmadacha;

(d) ní mór cuma agus boladh úr a bheith orthu; beidh siad saor ó aon bholadh nó blas coimhthíoch;

(e) ní mór dóibh a bheith sláintiúil - gan aon chomharthaí de dhamáiste creimire nó feithidí a bheith le feiceáil;

(f) ní mór dóibh a bheith glan, gan ithir ná aon eisíontais;

(g) ní mór dóibh a bheith saor ó thaise dromchla agus sách tirim tar éis iad a ní agus a fhuarú in uisce fuar, saor ó bhreiseáin cheimiceacha;

Ní mór an gearradh ag an mbun a bheith chomh glan agus is féidir agus ar dronuillinn leis an ngas.

2. Méidniú

Braitheann méid ar an bhfad agus ar an trastomhas. Tomhaistear trastomhas lárnach na bpéacán ag an trasghearradh lárphointe. Is é 11 mm an trastomhas lárnach íosta, lena n-áirítear an lamháltas.

Ní mór na péacáin a phacáistiú ar bhealach lena n-áirithítear nach mbeidh difríocht níos mó ná 10 mm idir meántrastomhas na bpéacán i ngach beart.

Aicmítear na bearta de réir thrastomhas lárnach na bpéacán atá iontu. Ní mór fad na bpéacán a bheith i gcomhréir go dlúth leis an aicmiú agus a bheith i gcomhréir leis an tábla seo a leanas:

Trastomhas lárnach	Fad
Idir 11 mm agus 14 mm agus an dá fhad sin san áireamh	18 cm go 20 cm
Trastomhas níos mó ná 14 mm	18 cm go 22 cm

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh, d'ullmhú agus de phacáistiú Asparago Bianco di Bassano a dhéanamh laistigh den limistéar táirgeachta críochaithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór bearta den mhéid chéanna a bheith i ngach pacáiste; ní mór gach beart a bheith aonchineálach. Ní mór na péacáin a dhíol agus iad pacáistithe i mbearta ceangailte go docht ina bhfuil meáchan idir 0,5 agus 4 kg.

Ní mór péacáin ag an gcuid sheachtrach den bheart a bheith comhfhreagrach ó thaobh cuma agus méide de le meán an bhirt; ní mór fad aonfhoirmeach a bheith ag na péacáin.

De réir traidisiúin, tar éis péacáin an lusa shúgaigh a ghearradh ar an méid céanna ag an mbun, ní mór na bearta a cheangal go docht trí úsáid a bhaint as 'stroppa' (brainse sailí óige nó iarphéacán). Ní mór lipéad a bheith ar gach beart atá greamaithe den 'stroppa' ar a léirítear an marc ATFC 'Asparago Bianco di Bassano' agus uimhir aitheantais an bhirt chun inrianaitheacht a áirithiú. Ní mór na bearta a shocrú go haonfhoirmeach sa phacáistíocht.

Féadfar na bearta a chur i gcoimeádáin atá déanta as adhmad, plaisteach nó ábhair oiriúnacha eile.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith le feiceáil, go díreach nó ar lipéad, ar an taobh amuigh de gach pacáiste:

— ASPARAGO BIANCO DI BASSANO DOP [ATFC]

— ainm an táirge

— ainm cuideachta agus seoladh an phacáisteora

— dáta an phacáistithe agus na mionsonraí tráchtála seo a leanas:

— aicme cháilíochta (caighdeán AE)

— méid

— an líon beart

— meánmheáchan na mbeart.

Tá an lógó, an ATFC agus an tsraithuimhir ar an lipéad lena sainaithnítear, chun críoch inrianaitheachta, an táirge agus an táirgeoir.

Tá an lipéad, ar ráthaíocht é maidir le ATFC an táirge, ceangailte ar an 'stroppa', ar an leath uachtarach den bheart.

lógó:



5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Áirítear i limistéar táirgeachta, ullmhúcháin agus pacáistithe 'Asparago Bianco di Bassano' na bardais seo a leanas i gcúige Vincenza: Bassano del Grappa, Cartigliano, Cassola, Mussolente, Pove del Grappa, Romano D'Ezzelino, Rosà, Rossano Veneto, Tezze sul Brenta e Marostica.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Is iad seo a leanas na dálaí comhshaoil agus na teicnící fáis le haghaidh plandaí chun Asparago Bianco di Bassano a tháirgeadh, atá freagrach as gnáth-shaintréithe an táirge.

1. Ithreacha

Tá uigeacht dúrabháin nó dúrabháin ghainmhigh ag ithreacha i limistéar táirgeachta Asparago Bianco di Bassano, fo-ithir ina bhfuil neart gairbhéil, tréscaoilteacht mhaith agus méid cothrom ábhair orgánaigh. Is iondúil go mbíonn an pH thart ar 5,5-7,5 (ithir atá neodrach ó thaobh fo-aigéadach de). Is de bhunadh glárach é an limistéar lena mbaineann, atá suite in Valsugana, trína sreabhann abhainn Brenta.

Baineann a shaintréithe le comhdhéanamh fisiceach agus ceimiceach an ábhair dráimh, gairbhéil, ghainmhigh agus shioltaigh a iompraíonn na huiscí agus a shil-leagtar sa tuilemhá.

2. An aeráid

Tá tionchar mór ag abhainn Brenta ar an aeráid i limistéar táirgeachta Asparagus Bianco di Bassano, abhainn a thrasnaíonn Valsugana, agus an foscadh a thugann Réamh-Alpa na Veinéise agus an raon Grappa in aghaidh srutha.

Bíonn an mheánbháisteach bhliantúil thart ar 1 000 mm, agus tarlaíonn buaicphointí báistí i mí Aibreáin-mí na Bealtaine agus mí Mheán Fómhair-mí Dheireadh Fómhair.

Tá an mheánteocht idir 2,5° agus 23°, agus tarlaíonn na híosteochtaí agus na hardteochtaí i mí Eanáir agus i mí Iúil faoi seach.

I measc na bpríomhthosca meitéareolaíochta, tá an ghaoth a thaistealaíonn ó dheas ó Valsugana Uachtarach, rud a chruthaíonn miocraeráid sa limistéar táirgeachta, arb iad is saintréithe di bogthaise iarmharach íseal, minicíocht níos ísle ceo, agus teochtaí ithreach réasúnta cobhsaí.

Cuireann na saintréithe sin uile ar chumas an phlanda struchtúr fréimhe casta, leathan agus domhain a fháil atá comhdhéanta de riosóim mhóra agus fréamhacha tiubha. Cuireann sé sin ráta ionsúcháin an-ard cothaitheach agus táirgeadh siúcraí chun cinn. Dá réir sin, tagann fás tapa péacán dea-mhéide as sin, iad inite go hiomlán nó beagán snáithíneach.

I bPoblacht na Veinéise, is bia a raibh an-tóir air a bhí sa lus súgach, mar a deimhníodh leis na taifid a choinnítí ar fhéastaí a cuireadh ar bun in onóir na huaisle chomh fada siar le tús an 16ú céad. Faoin 17ú céad bhí sé á fhás go forleathan i ngairdíní Terraferma. Bhí deis ag daoine mór le rá a bhí ag taisteal trí Bassano ar a mbealach chuig Comhairle Trent (1545-63) an táirge áitiúil a bhlaiseadh, agus i roinnt cásanna thug siad ardmholadh dá cháilíochtaí cothaitheacha.

De réir an tseanchais, thug Naomh Anthony de Padua síolta lusa shúgaigh leis ón Afraic. In Bassano chun an tíoránach Ezzelino a shuaimhniú, bhí toradh dearfach ann nuair a casadh ar a chéile iad.

Agus é ag filleadh ar Padua, ar an mbóthar a nascann Bassano agus Rosa, scaip sé na síolta i measc na bhfálta, rud a d'fhág go raibh cáil ar an talamh ina dhiaidh sin as a ithir thorthúil agus as péacáin a fhás.

I bpictiúr cáiliúil leis an ealaíontóir Veinéiseach Giovambattista Piazzetta (1682-1754) de 'The Supper at Emmaus', i Músaem Ealaíne Claveleur, is féidir pláta lusa shúgaigh a fheiceáil go soiléir, é ullmhaithe de réir oideas traidisiúnta Bassano: lus súgach agus ubh, salann agus piobar, ola agus fínéagar. Ina shaothar in 1847, *Alcuni cenni dell'Agronomia e della Industria Bassanese*, [Roinnt barúlacha maidir le talmhaíocht agus tionscal Bassano] leathanach 14 (Iarscríbhinn 5), tugann an tOllamh Terrazzi tuairisc ar cháilíocht an táirgthe talmhaíochta áitiúil, á mhaíomh 'nach gá aon mholadh breise a thabhairt do lus súgach Bassano, atá thar a bheith geal, thar a bheith deas agus thar a bheith blasta. Is é an bronntanas is áille agus is taitneamhaí den séasúr nua é'.

San iontráil faoin ‘lus súgach’ i gCiclipéid Talmhaíochta na hIodáile (1952), cuirtear an tuairim ghinearálta in iúl gurb amhlaidh in áiteanna eile freisin ‘gurb é an lus súgach a fhástar an ceann ó Bassano, an ceann is fearr le pobail Argenteuil riamh, toisc gurb é is fearr atá in oiriúint don aeráid, agus dá thréithe orgánaileipteacha den scoth freisin’.

Tagairt leictreonach (URL) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3343